**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2002 **M52T**

**SCRÚDUIMHIR** ☛ [ ]

189

**CEOL - ARDLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT – RIACHTANACH (100 marc)**

**DÉARDAOIN 20 MEITHEAMH - MAIDIN, 9. 30 go dtí 11.00**

STAMPA AN IONAID
(Centre Stamp)

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna [ ]

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |


## TREORÁCHA D'IARRTHÓIRÍ

- ❐ *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- ❐ *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an triailsliocht. Muna féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhfeitheoir láithreach bonn.*
- ❐ *Bíodh cluas le héisteacht agat don ghíog rabhaidh agus do na fógraí ar an téip.*
- ❐ *Is féidir leat do chuid freagraí a scríobh de réir mar is áil leat féin, le linn an taifeadta, nó le linn na sosanna.*
- ❐ *Scríobh do chuid freagraí go léir san fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. Sna ceisteanna ina dtugtar rogha, cuir tic sa bhosca cuí.*
- ❐ *Bain leas as na spásanna laistigh den chlúdach cúil do shracobair.*
- ❐ *Ná tabhair aon pháipéir eile isteach leat i halla an scrúdaithe.*
- ❐ *Ní ceadmhach duit caint, cnagadh, nó crónán a dhéanamh ná canadh le linn an scrúdaithe seo.*


**C.1** Sliocht as *She's Leaving Home* leis na Beatles

- Cloisfidh tú uair amháin é ina iomláine agus ansin déanfar gach cuid de (A, B agus C) a athsheinm TRÍ huaire.
- Tá an ceol thíos mar scór líne shingil laghdaithe.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.


**Cuid A, barraí 56–71**




**Cuid B, barraí 72–87**




**Cuid C, barraí 88–106**



**Cuid A, (barraí 57–71)**

(i) Cad iad na huirlisí ar scóradh an chuid seo dóibh?

________________________________________

(ii) Cuir i bhfáinne barra amháin ina bhfuil sioncóipiú le closteáil go soiléir sa tionlacan.

(iii) Cé acu barraí ina bhfuil an rithim seo? ♩ 𝄽 𝄽 _______

Ainmnigh an uirlis a sheinneann an rithim seo sna barraí sin ________

**Cuid B, (barraí 72–87)**

(i) Déan cur síos ar an dordlíne ag X.

________________________________________

(ii) Cén dá cheann díobh seo a leanas is féidir a chloisteáil sa chuid seo?

| | | |
|---|---|---|
| ☐ míriú míchothrom | ☐ *pizzicato* | ☐ tremoló |
| ☐ léimeanna an ochtaigh | ☐ maisiúchán | ☐ tréacha titimeacha |

(iii) Conas a dhéanann an ceol cur síos ar na focail 'Daddy, our baby's gone'?

____________________________________________

____________________________________________

(iv) Líon isteach an pháirt don dordveidhil atá ar iarraidh ag Y ar an scór.

**Cuid C, (barraí 88–106)**

(i) Déan cur síos ar an uigeacht i mbarraí 88–95

____________________________________________

____________________________________________

(ii) Cén dá cheann de na cordaí seo a leanas a mbaintear úsáid astu i mbarraí 100–106?

☐ C♯ ☐ C♯m(7) ☐ F♯(7) ☐ F♯m

(iii) Sainaithin agus mínigh teicníocht taifeadta a úsáideadh sa chuid seo.

____________________________________________

____________________________________________

**(25)**

**C.2** Déanfar sliocht as *Symphonie Fantastique* le Berlioz a sheinm TRÍ huaire.

- Beidh sos cuí ann tar éis gach seanma.
- Tá imlíne an scóir clóbhuailte thíos.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 5.



(i) Cén raon atá ag an téama oscailte síos? __________________

Cén eochair ina bhfuil an téama oscailte seo á sheinm? __________________

Sainaithin an dúnadh ag X. __________________

(ii) Cad iad na huirlisí a sheinneann an chuntrashéis i mbarraí 49–61?

__________________________________________________

(iii) Cén ciúta séise atá á úsáid i mbarraí 49–56? __________________

Mínigh do fhreagra.

__________________________________________________

__________________________________________________

(iv) Tá an armóin i mbarraí 62–65 ag gluaiseacht

☐ i dtréacha ☐ i gcúigeacha ☐ i séacha

(v) Cuir cosa agus bíomaí leis an rithim chun í a chomhlánú ag Y.

**(10)**

**C.3** Déanfar sliocht as *Coinséartó Pianó in A mór K488* le Mozart a sheinm TRÍ huaire.

- Beidh sos cuí ann tar éis gach seanma.
- Freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén chuid den ghluaiseacht ar tógadh an sliocht seo as? ____________________

(ii) Is í rithim na séise oscailte a sheinntear ar an bpianó ná



Déantar an tséis seo a athsheinm ag

☐ gaothuirlisí adhmhaid ☐ gaothuirlisí adhmaid, veidhlíní agus pianó ☐ téaduirlisí

(iii) Déan cur síos ar bhealach amháin a ndéanann an t-aonréadaí agus an cheolfhoireann codarsnacht sa chuid seo.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(iv) Cén dá cheann díobh seo a leanas is féidir a chloisteáil sa sliocht?

☐ aithris ☐ tríphléadaigh ☐ léimeanna an ochtaigh

☐ ilfhónacht ☐ troitheán tonach ☐ díchordaí

(v) Déan cur síos ar dhá bhealach a bhfuil na téamaí a sheinneann an t-aonréadaí sa sliocht seo difriúil leis an mbealach a gcloistear den chéad uair iad sa ghluaiseacht.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(10)**

LEATHANACH BÁN

**C.4** Déanfar sliocht as *Seachanges* le Raymond Deane a sheinm TRÍ huaire.

- Beidh sos cuí ann tar éis gach seanma.
- Tá imlíne an scóir clóbhuailte thíos.
- Freagair na ceisteanna ar an leathanach ina dhiaidh seo.






(i) Ainmnigh an dá uirlis a sheinneann an téis ag tús an tsleachta.

_____________________ _____________________

(ii) Cén barra den sliocht a gcloistear an guiro den chéad uair ann? ________

Is í an rithim a sheinneann an guiro ar dtús ná

(iii) Déan cur síos ar uigeacht an tsleachta.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

(iv) Cén barra a n-athraíonn an t-amchomhartha ann? _________________

Cuir isteach an t-amchomhartha nua ar an scór.

(v) Sainaithin agus déan cur síos ar dhá theicníocht uirlise a mbaintear úsáid astu sa sliocht seo, seachas pizzicato agus arco.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

**(10)**

**C.5 Ceol Gaelach.** Freagair **A** agus **B.** Tabhair faoi deara go bhfuil rogha ceisteanna i **B**.

**A.** Cloisfidh tú TRÍ shliocht, agus seinnfear gach ceann TRÍ huaire.

**Sliocht 1**

(i) Ainmnigh an uirlis/na huirlisí atá ag seinm na séise ________________

(ii) Ainmnigh an uirlis/na huirlisí atá ag seinm an tionlacain ________________

(iii) Cad iad den gnéithe den cheol traidisiúnta Gaelach atá le sonrú sa taifeadadh?

________________________________________________

________________________________________________

(iv) Sainaithin agus déan cur síos ar an stíl taifeadta seo.

________________________________________________

________________________________________________

**Sliocht 2**

(i) Sainaithin dhá ghné den stíl amhránaíochta atá sa sliocht seo.

________________________________________________

________________________________________________

(ii) Cén uirlis a bhfuil an tionlacan leanúnach ar chuma dordáin aici?

________________

(iii) Sampla é an t-amhrán seo

☐ d'aisling ☐ de chaoineadh ☐ d'amhrán grá

(iv) Ainmnigh amhránaí cáiliúil ar an stíl amhránaíochta seo.

________________

**Sliocht 3**

(i) Ainmnigh an uirlis atá ag seinm na séise. ________________

(ii) Ainmnigh an uirlis atá ag seinm an tionlacain. ________________

________________________________________________

(iii) Méadar a ceathair atá ag an sliocht seo. Cén fonn rince Gaelach a bhfuil an méadar céanna aige agus patrún rithimeach atá cosúil leis?

________________

Luaigh dhá bharra rithime a bhaineann leis an gcineál rince seo.

________________

**B.** Freagair CEANN AMHÁIN díobh seo a leanas.

(i) Déan plé ar cheol cumadóra de chuid an fhichiú haois i gcomhthéacs an cheoil thraidisiúnta Ghaelaigh. Déan tagairt do shamplaí ceoil ar leith.

**NÓ**

(ii) Tabhair cuntas ar cheithre chineál amhráin Ghaelaigh. I ngach cás, tabhair sampla cuí d'amhrán a bhfuil staidéar déanta agat air.

**NÓ**

(iii) Déan plé ar an gcineál maisiúcháin sa cheol uirlise traidisiúnta Gaelach. Déan tagairt do stíleanna seanma réigiúnacha agus bíodh samplaí ceoil ar leith mar thaca le do fhreagra.

**NÓ**

(iv) Déan cur síos achomair ar na bealaí a raibh tionchar ag an gceol traidisiúnta Gaelach ar cheol Mheiriceá Thuaidh. Déan tagairt do cheoltóirí agus do shamplaí ceoil ar leith i do fhreagra.

**(25)**

**C.6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar an amhrán *Never had a dream come true* le Simon Ellis agus Cathy Dennis.

- Déanfar gach sliocht (A, B agus C) a sheinm TRÍ huaire. Tá ceol clóbhuailte ann do chuid A amháin.
- Freagair na ceisteanna ar gach cuid.

**Cuid A**

**Iontreoir, Véarsa 1 agus Curfá 1**



**Cuid A. Iontreoir, Véarsa 1 agus Curfá 1**

(i) Sainaithin ceithre uirlis atá á seinm san iontreoir.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Marcáil go soiléir ar an scór le X, Y agus Z faoi seach, cén áit a gcloistear iad seo a leanas den *chéad* uair.

guthanna cúl taca (X) drumaí (Y) tambóirín (Z)

(iii) Is é an figiúr rithimeach sa tionlacan i mbarraí 13 agus 14 ná





(iv) Is é atá sa chorda ar bhuillí 1 agus 2 i mbarra 19 ná

☐ (seachtach) mór ☐ (seachtach) mion ☐ (seachtach) laghdaithe

**Cuid B. Rannóg chodarsnachta**

- Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.

(i) Cé mhéad barra ceoil atá sa chuid seo? _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin athrú ceoil amháin atá sa líne dheiridh, arb iad na focail atá inti:
*I just can't say goodbye, no, no, no, no.*

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Cuir na trí fhigiúr téada (A, B agus C) san ord ina gcloistear iad.

**A**



**B**



**C**



Is é an chéad fhigiúr téada ná _ _ _ _ _ _

Is é an dara figiúr téada ná _ _ _ _ _ _

Is é an triú figiúr téada ná _ _ _ _ _ _

**Cuid C. Curfá deiridh agus Coda**

- Tá na focail don chuid seo clóbhuailte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | I never had a dream come true |
| Líne 2 | 'Til the day that I found you |
| Líne 3 | Even though I pretend that I've moved on |
| Líne 4 | You'll always be my baby |
| Líne 5 | I never found the words to say |
| Líne 6 | You're the one I think about each day |
| Líne 7 | And I know no matter what life takes me to |
| Líne 8 | A part of me will always be, a part of me will always be |
| Líne 9 | With you. Ooh. |

(i) Sainaithin na dúnta ag deireadh líne 1 agus líne 2 (línte fúthu). I gcás gach dúnadh, ainmnigh na cordaí a mbaintear úsáid astu.

dúnadh ag deireadh líne 1 _____________ cordaí _____________

dúnadh ag deireadh líne 2 _____________ cordaí _____________

(ii) Déan cur síos ar cheol na n-amhránaithe cúl taca i líne 5 agus i líne 6.

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________

(iii) Cén líne a dtosaíonn na drumaí ag seinm den uair dheiridh? _____________

**(20)**

LEATHANACH BÁN